


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil na Síceolaíochta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Riarthóir Sinsearach - Taighde, CPD agus Cláir Leibhéal 8 |
| **Tréimhse an Phoist:** | Clúdach Sealadach Sainchuspóra Thart ar 9–12 mhí (Chomh maith le Painéal Sealadach 6 Mhí) |
| **Grád:** | Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairmréime** | Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúla agus Clár – Leibhéal Gairmréime 2 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2023-09-075 |
| **Freagrach do** | Bainisteoir Scoile |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 017592 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Jagoda Wychowaniak |

## Achoimre ar an bPost:

Beidh an sealbhóir poist freagrach as dualgais riaracháin taighde agus as riarachán ar ghníomhaíochtaí CPD na Scoile agus beidh siad ag gníomhú le baill foirne reatha maidir le riarachán ar léann Leibhéal 8.

Cuirfidh an sealbhóir poist tacaíocht riaracháin ar fáil don fhoireann teagaisc agus taighdeoirí taobh istigh den Scoil, lena n-áirítear ionaid taighde (Ionad UCD don Staidéar ar Mhíchumas) agus grúpaí atá lonnaithe taobh istigh den Scoil, faoi threoir Bhainisteoir na Scoile agus Ceann na Scoile. Cuideoidh siad le gníomhaíochtaí taighde na Scoile a chur chun cinn ar na meáin shóisialta agus ar thairseacha poiblí eile. Déanfaidh siad comhordú riaracháin ar ardchaighdeán a sheachadadh do na cláir Fochéime (BSc) agus Ard-Dioplóma sa Scoil, chomh maith le gníomhaíochtaí CPD na Scoile.

Beidh siad mar chuid d'fhoireann riaracháin ghnóthach agus fhuinniúil scoile, ag dul i ngleic le ceisteanna ó bhaill foirne agus ó scoláirí. Glacfar leis go mbeidh taithí chruthaithe ag an sealbhóir poist maidir le cloí go rathúil le spriocanna, scileanna iontacha eagraíochta agus riaracháin agus scileanna iontacha cumarsáide.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do réimse gníomhaíochtaí taighde agus cumarsáide ar fud na scoile, lena n-áirítear ag tacú le Coiste Tionchair Taighde agus Nuálaíochta na Scoile.
- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil d’fhoireann teagaisc agus Príomhthaighdeoirí ar fud phróiseas an deontais taighde
- Tacaíocht a chur ar fáil do na hionaid taighde agus taighdeoirí atá bainteach leis an Scoil, lena n-áirítear Ionad UCD don Staidéar ar Mhíchumas.
- Cuidiú le himeachtaí scoile a eagrú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear seimineáir agus comhdhálacha, ar shuíomh gréasáin na Scoile, na meáin shóisialta etc.
- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí CPD na Scoile
- Cuidiú le tacaíocht a chur ar fáil maidir le feidhmeanna teagaisc agus foghlama na Scoile, lena n-áirítear scrúduithe a phróiseáil agus cláir ama a fhorbairt ar mhaithe le cláir Leibhéal 8

- A chinntiú go seachadtar seirbhís sholúbtha, fhreagrúil, agus éifeachtach ar mhaithe le baill foirne, scoláirí agus an pobal
- Dlúthchaidrimh a chinntiú le Leas-Uachtarán Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair an Choláiste, Oifig Chláir an Choláiste, agus oifigí riaracháin lárnacha eile de chuid UCD, lena n-áirítear Clárlann, Táillí, Measúnú
- Aon chúraimí riaracháin eile a chur i gcrích de réir mar a roghnaíonn an Ceann Scoile nó an Bainisteoir Scoile

**95 Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin_2010 (0123_X) Scála Tuarastail: €44,741 - €54,619 In aghaidh na Bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí ar chritéir incháilitheachta agus eolas maidir le pinsean le fáil ar

https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Cuireann UCD fáilte roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Faigh eolas sa bhreis ar Éagsúlacht ach cuairt a thabhairt ar https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Tá Creatlach do Chnuasaigh Phoist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Chnuasach Poist um Bainistíocht agus Oibríochtaí Acadúla agus Clár, agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairmréime 2. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhme agus na príomhinniúlachtaí a leagtar amach sa Chreatlach do Chnuasaigh Phoist ar fáil ar https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 2-3 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról acadúil & oibríochtaí clár agus bainistíochta in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal.
- Eolas ar rialacháin agus córais Ollscoile lena n-áirítear, Infohub, r-Sholáthar agus Banner

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

**Anailís Gnó (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas maith chun riachtanais úsáideora a aistriú go réitigh, doiciméid a phróiseáil, tuarascálacha a scríobh agus cultúr um fheabhsú leanúnach a chruthú.

**Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 1):** Cur amach atá ag forbairt ar na cleachtais is fearr i ndáil le bainistíocht sonraí agus rialachas sonraí.

**Athléimneach Oibríochtúla (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas forásach chun teacht aniar agus feidhmíocht a choimeád i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú, diongbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas a thaispeáint i bhfianaise timpeallachta atá ag athrú nó céimeanna ar gcúl.

**Tacaíocht, Treorú agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas maith tacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do scoláirí, don fhoireann teagaisc agus do bhaill foirne. Tá leas agus folláine na scoláirí agus ball foirne taobh istigh den institiúid i gceist leis seo, chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibriúcháin, i dtaca le cásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon.

**Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas a fhorbairt chun eolas, scileanna agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú chun toradh a bhaint amach nó tascanna a chur i gcrích go héifeachtach agus chun smaoineamh ar bhealaí chun forbairtí nua a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

**Príomhinniúlachtaí**

© Acmhainní Daonna UCD 

**Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir chun tabhairt faoi chumarsáid scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach, agus atá i gcomhréir le Luachanna UCD, eolas agus smaointe a roinnt agus a chur in iúl, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas.

**Cumas Oibriú as a Stuaim Féin (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin i do réimse oibre féin agus gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus chun iad a shocrú agus chun teacht ar réitigh.

**Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach riachtanais chustaiméirí a thuiscint agus a bheith ag súil leo, ag gníomhú chun táirge agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar a chomhlíonann ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir.

**Pleanáil agus Eagrú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama shoiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.

**Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir tuiscint a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.

**Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas atá ag teacht chun cinn tabhairt faoi chur chuige dearfach maidir le dul i ngleic leis an obair agus an cumas glacadh le hathrú agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go cuiditheach.

**Caidrimh a Thógáil (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas maith caidrimh oibre éifeachtacha a thógáil laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne, le comhoibriú agus rannpháirtíocht a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.

Inmhianaithe:

- Cur amach ar éilimh ar chostais agus éilimh ball foirne a íoctar in aghaidh na huaire
- Eolas nó taithí ar thascanna riaracháin atá bainteach le gníomhaíochtaí taighde
- Cumas léirithe ualach oibre ilchineálach a chur in ord tosaíochta agus spriocanna iomaíocha a bhaint amach

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/socscilaw/ |
| An Scoil/Oifig Cláir/Aonad: | https://www.ucd.ie/psychology/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Cathrina Gaffney |
| Teideal: | Bainisteoir Scoile |
| Seoladh Ríomhphoist: | cathrina.gaffney@ucd.ie |

© Acmhainní Daonna UCD 